

# Annual Report Tuarascáil Bhliantúil 2020





**Annual Report 2020**  
**Tuarascáil Bhliantúil 2020**

ISBN: 978-1-904291-61-9

**The Arts Council**  
70 Merrion Square,  
Dublin 2, D02 NY52 Ireland

**An Chomhairle Ealaíon**  
70 Cearnóg Mhuirfean,  
Baile Átha Cliath 2, D02 NY52 Éire

**[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**  
[facebook.com/artscouncilireland](https://facebook.com/artscouncilireland)  
[twitter.com/artscouncil\\_ie](https://twitter.com/artscouncil_ie)

t +353 1 618 0200  
f +353 1 676 1302  
Callsave 1890 392 492

Culture Night 2020, *Miss Orbit*. Performed by  
Iseli-Chiodi Dance Company. Photographer:  
Debbie Hickey, Studio Ten Photography.  
Oíche Chultúir 2020, *Miss Orbit*. le Compántas  
Damhsa Iseli-Chiodi. Grianghrafadóir: Debbie  
Hickey, Grianghrafadóireacht Studio Ten.





Childrens Books Ireland, *Books Make Things Better*. Siblings Kian (4) and Sia (1) Baba-Moussa. Photographer: Julian Behal. Leabhair Pháistí Éireann, *Books Make Things Better*. Deartháireacha agus deirfiúracha Kian (4) agus Sia (1) Baba-Moussa. Grianghrafadóir: Julian Behal.

## The Arts Council

## An Chomhairle Ealaíon

### Who we are and what we do

The Arts Council is the Irish government agency for developing the arts. We work in partnership with artists, arts organisations, public policy makers and others to build a central place for the arts in Irish life.

We provide financial assistance to artists, arts organisations, local authorities and others for artistic purposes. We offer assistance and information on the arts to government and to a wide range of individuals and organisations. As an advocate for the arts and artists, we undertake projects and research, often in new and emerging areas of practice, and increasingly in cooperation with partner organisations.

The Arts Council received €106.9 million in grant-in-aid from the exchequer for 2020.

### Ár ról agus ár gcuid oibre

Is í an Chomhairle Ealaíon gníomhaireacht Rialtas na hÉireann le haghaidh na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

Tugaimid cúnamh airgeadais d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon, d'údaráis áitiúla agus do dhaoine eile ar mhaithe le cúrsaí ealaíne. Cuirimid comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon ar fáil don Rialtas agus do raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Agus muid ag saothrú ar son na n-ealaíon agus ealaíontóirí, tugaimid faoi thionscadail agus faoi thaighde. Baineann cuid mhór díobh seo le réimsí nua den chleachtas ealaíne atá ag teacht chun cinn agus is minic a dhéantar an obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Fuair an Chomhairle Ealaíon €106.9 milliún de dheontas i gcabhair ón státchiste sa bhliain 2020.





## Contents

### Clár Ábhair

- 1 Chair's Statement  
Ráiteas an Chathaoirligh
- 5 Director's Statement  
Ráiteas an Stiúrthóra
- 14 Council Membership 2020  
Baill na Comhairle 2020
- 17 Financial Statements  
Ráitis Airgeadais





## Chair's Statement Ráiteas na Chathaoirligh

1

If this introduction was confined to the first two months of 2020 I would be focusing on a morning in Co. Clare in the company of several visual artists including Claire Langan and Richard Mosse as their work from the Arts Council Collection was unveiled on the walls in the departures area of Shannon Airport.

Alongside that event, I would mention openings by Jaki Irvine at the Kerlin Gallery and Kathy Tynan at the Highlanes in Drogheda, a Dedalus book launch at Poetry Ireland, the Mother Tongues Festival at Rua Red/Civic Theatre in Tallaght and, on the stage, performances of Irish National Opera's *Hansel and Gretel* at the Abbey and Druid's *Cherry Orchard* at the Black Box in Galway.

As well as these wonderful in-person arts events there was a gathering of festival organisers at the University of Limerick and publication of the *Paying the Artist* policy, a significant marker in the Arts Council's strategy to ensure the work of artists is properly paid.

It was a busy two months at the start of 2020, and made all the more important by overseeing the recruitment process for a new Director of the Arts Council. Following a competitive and rigorous process, I called Maureen Kennelly to offer her the role of Director on 28 February; among other things, we discussed exciting plans to make real political promises to significantly increase the Arts Council's budget. Two weeks later the arts sector, like all of our society, shut down.

With the first Covid-19 lockdown in March 2020 – months, and in some cases years, of planning for events simply ended overnight. During March, April and May 2020 the loss of audiences was estimated at 2.4m people and over 12,000 arts activities were cancelled.

An Arts Council-commissioned report from EY estimated the decline in economic activity in the arts sector in 2020 at approximately -55% compared with -11% in the Irish economy as a whole. In one word, devastation. And yet against this hugely challenging situation, artists responded to lift all our spirits. The public response to,

Dá mba ar an gcéad dhá mhí den mbliain 2020 amháin a bheadh an réamhrá seo bunaithe, bheinn ag díriú ar mhaidin i gCo. an Chláir i dteannta seachtar amharc-ealaíontóirí, a raibh Claire Langan agus Richard Mosse ina measc, agus a gcuid saothair ó Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon á nochtadh ar na ballaí i limistéar na n-eitiltí amach in Aerfort na Sionainne.

Mar aon leis an imeacht sin, luafainn tionscnaimh le Jaki Irvine ag Dánlann Kerlin agus ceann le Kathy Tynan ag an Highlanes i nDroichead Átha, seoladh leabhair de chuid Dedalus ag Poetry Ireland, Féile Mother Tongues ag Rua Red/Amharclann an Phobail i dTamhlacht agus, léirithe ar stáitse *Hansel and Gretel* de chuid Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann ag Amharclann na Mainistreach agus *Cherry Orchard* de chuid Druid sa Dubhlann i nGaillimh.

Chomh maith leis na himeachtaí ealaíon iontacha seo ar na láithreacha éagsúla bhí teacht le chéile le lucht eagraithe na bhféilte ag Ollscoil Luimnigh agus foilsíodh an beartas *Luach Saothair don Ealaíontóir*, comhartha suntasach ab ea é seo ar straitéis na Comhairle Ealaíon a chinntiú go n-íoctar ealaíontóirí go cuí as an obair a dhéanann siad.

Dhá mhí ghnóthacha a bhí ann ag tosach 2020, agus cuireadh leis an tábhacht a bhain leis an tréimhse seo agus earcú Stiúrthóir nua na Comhairle Ealaíon á riaradh. I ndiaidh próiseas dian iomaíoch, ghlaoigh mé ar Maureen Kennelly ar an 28 Feabhra chun post an Stiúrthóra a thairiscint di; chomh maith le nithe eile, phléamar pleananna corraitheacha le gealltanais polaitiúla a dhéanamh chun méadú suntasach a dhéanamh ar bhuiséad na Comhairle Ealaíon. Coicís ina dhiaidh sin cuireadh stop iomlán le hearnáil na n-ealaíon, mar aon leis an gcuid eile dár sochaí.

Nuair a tháinig céad dhianghlasáil Covid-19 i Márta na bliana 2020 – tháinig deireadh tobann le míonna, agus i gcásanna áirithe blianta, pleanála le haghaidh imeachtaí. I gcaitheamh Mhárta, Aibreáin agus Bhealtaine 2020 meastar gur cailleadh amach ar 2.4 milliúin de lucht féachana agus gur cuireadh 12,000 imeacht ealaíon ar ceal.



↑ Arts Council, *Shannon Airport Collection Exhibition*. Charles Harper, Anita Groener, Claire Langan, Andrew Murphy, Kevin Rafter, Richard Mosse. Photographer: Don Moloney. An Chomhairle Ealaíon, *Taispeántas Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon ag Aerfort na Sionainne*. Charles Harper, Anita Groener, Claire Langan, Andrew Murphy, Kevin Rafter, Richard Mosse. Grianghrafadóir: Don Moloney.

and engagement with, the work of artists online was overwhelmingly positive.

At the outset of the Covid-19 crisis, the Arts Council fast-tracked payment to arts organisations – and asked them to prioritise payments to artists with whom they had hoped to work. With freelance artists also in mind, the Council focused on getting bursary decisions made quickly and funds distributed, across all art forms.

Despite repurposing current and future spending plans, the Council – with a 2020 budget of €80m – did not have the firepower to offer a medium-term response to the crisis, especially as much of that money was already allocated.

In dealing with the crisis, the Art Council established an Expert Advisory Group to make recommendations on immediate steps to help the sector. The Advisory Group's report – *Survive Adapt Renew* – was important in convincing policy makers that the arts needed serious assistance, if there was to be a viable sector in place when the crisis ended.

Like other organisations, including the National Campaign for the Arts, the Arts Council worked to ensure the arts was elevated in public policy considerations. As Chair, I had

I dtuairisc a choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon ó EY measadh go raibh tuairim agus -55% de laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch in earnáil na n-ealaíon i 2020 i gcomparáid le -11% i ngeilleagar na hÉireann ina iomláine. Le cur síos air i bhfocal amháin, léirscrios ab ea é. Ach fós féin agus cás fiordhúshlánach amach rompu, tháinig freagra ó ealaíontóirí a chur ardú croí ionainn. Bhí freagairt agus rannpháirtíocht an phobail in obair ealaíontóirí ar líne dochreidte dearfach.

Ag tosach ghéarchéim Covid-19, chuir an Chomhairle Ealaíon le mire na n-íocaíochtaí chuige eagraíochtaí ealaíon – agus iarradh orthu tús áite a thabhairt d'íocaíochta chuig ealaíontóirí a rabhadar ag súil oibriú leo. Agus saorealaíontóirí ar intinn againn freisin, dhirigh an Chomhairle ar chinntí sparánachta a dhéanamh agus maoiniú a dháileadh go tapa, thar gach foirm ealaíne.

D'ainneoin pleananna caiteachais reatha agus don todhchaí a chur in oiriúint, ní raibh sé de chumas ag an gComhairle – a raibh buiséad €80 milliún againn le haghaidh 2020 – freagairt meántearmach a chur ar fáil don ghéarchéim seo, go háirithe agus cuid mhaith den airgead sin leithdháilte cheana féin.

Agus sinn ag déileáil leis an ngéarchéim, bhunaigh an Chomhairle Ealaíon Sainghrúpa Comhairleach chun moltaí



extensive engagement with the political and governmental system to make the case for additional funding, not just to deal with the immediate crisis but also to deliver on previous financial promises.

Following discussions with the last government, and then Minister Josepha Madigan, the Council received an additional €20m in July 2020. With the support of the current government – and the new Arts and Culture Minister Catherine Martin – a further €5m was received in the summer months, bringing the Council's 2020 budget to €105m. An additional €1.9m was also provided at the end of the year.

The budget day decision to increase the Arts Council's budget to €130m for 2021 was a welcome and historic decision. I said on budget day that, 'Money doesn't solve every problem', but this was an important endorsement of the value of artists and the challenges they face. Having €130m as the minimum annual budget figure for the Arts Council beyond 2021 will make a huge impact on so many areas of artistic activity and public engagement.

In the short breaks in the Covid-19 restrictions – in the summer months and again just prior to Christmas 2020 – organisations like the Kilkenny Arts Festival, the Dublin Theatre Festival and the Dublin Fringe showed it was possible to hold safe in-person arts events, notwithstanding huge restrictions on audience numbers due to physical distancing requirements.

I was fortunate to visit Áras an Uachtaráin in December 2020 as Áine Ní Ghlinn – our new Laureate na nÓg – was formally welcomed to her role by President Michael D. Higgins. Elsewhere many other arts activities continued to be repurposed for online engagement. The artistic community's response to Covid-19 has been characterized by innovation and a real sense of duty and generosity to the public.

The crisis unfortunately remains real for the arts sector beyond the nascent respite offered by the vaccination programme. In that regard, protecting the livelihoods of artists and arts workers – and returning audience engagement – remains the Council's central objective. The commitment to the *Paying the Artist* and EHRD policies is equally strong, and will be even more evident in the year to come.

a dhéanamh ar chéimeanna a bhféadfaí a ghlacadh lom díreach chun cabhrú leis an earnáil. Bhí tuairisc an tSainghrúpa – *Survive Adapt Renew* – tábhachtach agus sinn ag iarraidh a chur ina luí ar dhéantóirí polasaithe go raibh géarghá ag na healaíona le tacaíocht, dá mbeadh earnáil inmharthana le bheith ann nuair a thiocfadh deireadh leis an ngéarchéim.

Ar nós eagraíochtaí eile, an Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon san áireamh, d'oibrigh an Chomhairle Ealaíon chun a chinntiú gur cuireadh na healaíona chun cinn i mbreithniúcháin ar pholasaithe poiblí. Mar Chathaoirleach, bhí teagmháil shuntasach agam leis an gcóras polaitiúil agus rialtais chun cás a chur chun cinn le haghaidh maoinithe breise, ní hamháin chun go bhféadfaí déileáil leis an ngéarchéim a bhí idir lámha ach chun gealltanais airgeadais a tugadh cheana a chomhlíonadh.

I ndiaidh plé leis an rialtas deireanach, agus le Josepha Madigan a bhí ina haire ag an am, fuair an Chomhairle €20 milliún breise in Iúil na bliana 2020. Le tacaíocht an rialtais reatha – agus an Aire Ealaíon agus Cultúir Catherine Martin – fuarthas €5 milliún eile le linn an tsamhraidh, a d'fhág go raibh €105 milliún mar bhuiséad ag an gComhairle le haghaidh na bliana 2020. Fuaireamar €1.9 milliún breise roimh dheireadh na bliana chomh maith a chur ar ár gcumas ár n-infeistíocht inár scéim sparánachta a mhéadú.

Fáiltíodh roimh an gcinneadh a déanadh ar lá na cáinainéise buiséad na Comhairle Ealaíon a mhéadú chuig €130 milliún le haghaidh na bliana 2021 agus ba chinneadh stairiúil é. Dúirt mé ar lá na cáinainéise nach réiteach é an t-airgead ar gach aon fhadhb, ach ba thacú é seo le luach ealaíontóirí agus leis na dúshláin a bhíonn rompu. Beidh tionchar ollmhór ag íosbhuiséad bliantúil €130 milliún a bheith ar fáil don Chomhairle Ealaíon i ndiaidh 2021 ar an iliomad réimsí gníomhaíochta ealaíonta agus ar rannpháirtíocht an phobail.

Le linn sosanna ó shrianta Covid-19 – le linn mhionna an tsamhraidh agus arís díreach roimh Nollaig 2020 – léirigh eagraíochtaí ar nós Féile Ealaíon Chill Chainnigh, Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath, agus Dublin Fringe Festival go bhféadfaí imeachtaí ealaíona a reáchtáil go sábháilte ar an láthair, d'ainneoin srianta ollmhóra ar mhéid an tslua de bharr riachtanais scartha shóisialta.

Bhí an t-ádh liom cuairt a thabhairt ar Áras an Uachtaráin i Mí na Nollag 2020 agus fáilte foirmiúil á chur ag Micheál D. Ó hUiginn roimh Áine Ní Ghlinn – mar Laureate na nÓg nua. In áiteanna eile bhí go leor gníomhaíochtaí ealaíon eile fós á gcur in oiriúint le haghaidh rannpháirtíocht ar líne. Is iad

The lockdown restrictions reduced our ability to collective mourn together the passing of loved ones and also individuals who made a significant contribution to their respective professions. In this regard, we remember those from the wider arts community who passed away in 2020 including Veronica Bolay, Joe Steve Ó Neachtain, Monica Frawley, Tim Robinson, Janet Mullarney, Eavan Boland, Michael Cullen, Colm Ó Briain, Eric Sweeney, Eugene McCabe, Derek Mahon, Julia O'Faolain and Felim Egan.

Writing this introduction in the early summer of 2021, our world is slowly emerging from the lockdown restrictions. Hopefully passenger numbers at Shannon Airport will start to increase, and those passing through on their journeys will be able to engage with the work from the Arts Council Collection, one example of how the Council continues to deliver on its objective to support artists and public engagement with the arts.



**Professor Kevin Rafter**  
Chair  
July 2021

nuálaíocht agus braistint dualgais agus flaithiúlacht don phobal is mó a dhéanann cur síos ar fhreagairt an phobail ealaíonta maidir le Covid-19.

Ar mhí-ábhraí an tsaoil tá an ghéarchéim fós ina bhac ar earnáil na n-ealaíon d'ainneoin an faoiseamh a bheidh á thabhairt ag an gclár vacsáinthe. Maidir leis sin tá cosaint shlite beatha ealaíontóirí agus oibríthe ealaíon – agus filleadh ar ghnáthrannpháirtíocht lucht féachana/éisteachta – fós mar phríomhaidhm ag an gComhairle. Tá an tiomantas chuig beartais *Luach Saothair don Ealaíontóir* agus CCDÉ chomh láidir céanna agus beidh sé sin níos feiceálaí fós sa bhliain atá amach romhainn.

Laghdaigh srianta dianghlásála ár gcumas básanna ár ndaoine muinteartha agus iad siúd a raibh tionchar suntasach acu ar réimsí a ngairmeacha féin a chaoineadh. Maidir leis seo, cuimhnímid orthu siúd ón bpobal ealaíon níos fairsinge a chuaigh ar shlí na firinne sa bhliain 2020 – Veronica Bolay, Joe Steve Ó Neachtain, Monica Frawley, Tim Robinson, Janet Mullarney, Eavan Boland, Michael Cullen, Colm Ó Briain, Eric Sweeney, Eugene McCabe, Derek Mahon, Julia O'Faolain agus Felim Egan.

Tá srianta dianghlásála á scaoileadh ar fud an domhain mhóir agus an réamhrá seo á scríobh i dtosach an tsamhraidh 2021. Le cúnamh Dé beidh méadú ar líon na bpaisinéirí in Aerfort na Sionainne de réir a chéile, agus beidh siadsan a théann tríd ar a n-aistir inniúil leas a bhaint as an obair ó Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon. Sampla amháin é an bailiúchán seo den slí ina leanann an Chomhairle ag cur a sprioc tacú le healaíontóirí agus le rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona i bhfeidhm.



**An tOll. Kevin Rafter**  
Cathaoirleach  
Iúil 2021





## Director's Statement Ráiteas na Chathaoirligh

5

For the world's population, 2020 was a year like no other. Covid 19 impacted immediately and severely on the arts profession, and the livelihoods of artists, art workers and arts organisations faced unprecedented challenges.

From the very outset of the pandemic, the Arts Council moved to reassure organisations that their funding was secure for the year and enabled them to draw down funds promptly to counter the impact of the abrupt cessation of activity. A Covid response award was introduced to address the immediate short term needs of individual artists. In the early weeks of Covid 19, the Arts Council also engaged in intensive research with individual artists and organisations.

Initial surveys showed that 19,000 days of paid work had been lost to the end of April, with some 2.4 million members of the public losing out on artistic experiences. An estimated €6.4 million of income was lost from cancelled activities to the end of May alone. These findings made it abundantly clear that the pandemic was wreaking havoc on artists and arts workers, and on arts organisations and the public.

In parallel with these surveys, we engaged with our research partners EY to analyse the economic impact of the pandemic as it continued through 2020.

In early May, we established an expert advisory group to address the crisis and their report Survive Adapt Renew was published in mid-June. As part of this report, EY analysis suggested that the recession in the arts sector could be around -55 percent compared with -11 percent in the Irish economy as a whole. EY's research found that during the second quarter of 2020, economic activity in the arts sector in Ireland fell by 67 percent. Without additional financial support, the report suggested that the arts sector could contract by up to 42% in 2020 compared to a 11% decline for the wider economy, and the report concluded that the arts sector could take until 2025 to recover from the current crisis. Some 58 percent of total arts sector employees were in receipt of the Temporary Wage Subsidy Scheme or the Pandemic Unemployment Payment (as of 24 August 2020).

Ní fhaca an domhan a leithéid de bhliain riamh is a chonacthas le linn 2020. Bhí tionchar láithreach tromchúiseach ag Covid 19 ar ghairm na n-ealaíon, agus bhí dúshlán thar cuimse roimh shlí bheatha ealaíontóirí, oibrithe ealaíne agus eagraíochtaí ealaíne.

Ó thús na paindéime ar fad, dheifigh an Chomhairle Ealaíon chun a dheimhniú d'eagraíochtaí go raibh a maoiniú slán don bhliain agus chuir ar a gcumas airgead a tharraingt anuas go tapa chun an dochar a bhaint as an tionchar mór a bhí ag an gcricioch thobann a cuireadh lena gcuid gníomhaíochtaí. Tugadh dámhachtain freagartha Covid isteach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais ghearrthéarmacha a bhí roimh ealaíontóirí aonair. Sna chéad seachtainí de Covid 19, bhí an Chomhairle Ealaíon ag gabháil do dhian-taighde freisin le healaíontóirí agus le heagraíochtaí aonair.

Taispeánadh sna suirbhéanna tosaigh gur cailleadh 19,000 lá oibre íoctha go dtí deireadh mhí Aibreáin, agus gur chaill 2.4 milliún duine sa phobal amach ar eispéiris ealaíonta. Cailleadh ioncam measta €6.4 milliún de bharr gníomhaíochtaí a cuireadh ar ceal go dtí deireadh mhí na Bealtaine amháin. Is riléir ó na torthaí sin go raibh an phaindéim ag cur isteach go mór ar ealaíontóirí agus ar oibrithe ealaíon, agus ar eagraíochtaí ealaíne agus ar an bpobal.

Mar aon leis na suirbhéanna sin, bhíomar ag obair lenár gcomhpháirtithe taighde EY chun anailís a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch na paindéime de réir mar a lean sí ar aghaidh le linn 2020.

Go luath i mí na Bealtaine, bhunaíomar sainghrúpa comhairleach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim agus foilsíodh a tuairisc Survive Adapt Renew i lár mhí an Mheithimh. Mar chuid den tuarascáil sin, tugadh le fios in anailís EY go bhféadfadh an cúlú eacnamaíoch in earnáil na n-ealaíon a bheith ag leibhéal thart ar -55% i gcomparáid le -11% i ngeilleagar na hÉireann ar an iomlán. Fuarthas amach i dtaighde EY i rith an dara ráithe de 2020 gur tháinig laghdú 67% ar ghníomhaíocht gheilleagrach in earnáil na n-ealaíon in Éirinn. In éagmais tacaíocht airgeadais bhreise d'earnáil na n-ealaíon, tugadh le fios sa tuarascáil go bhféadfadh an earnáil crapadh suas le 42% in 2020 i gcomparáid le laghdú 11% sa gheilleagar i gcoitinne, agus baineadh de thátal as



↑ Arts Council, *Books Make Things Better*. Elaina Ryan, Maureen Kennelly, Melatu Uche Okorie. Photographer: Maxwells.  
An Chomhairle Ealaíon, *Books Make Things Better*. Elaina Ryan, Maureen Kennelly, Melatu Uche Okorie. Grianghrafadóir: Maxwells.

In recognition of the particular challenges facing the sector, a further €25m was allocated to the Arts Council. Council members and executive determined to ensure that the core infrastructure of the arts landscape was protected and that supports could be made available as quickly as possible to artists and arts workers. This crucial investment allowed us to focus on our strategic priorities, as enshrined in Making Great Art Work, as well as introducing a number of new developmental initiatives. A number of new funding programmes were introduced in 2020, including a Capacity Building Support Scheme, a new Professional Development Award, Emergency Stabilisation Funding, Creative Production Supports and expanded residency programmes in theatre and dance. A record 5,839 applications were received in 2020 which is a 95% increase on 2019. This serves to remind us of the acute need of the arts landscape. In 2020, increased investment enabled us to fund 216 organisations and 632 individuals for the very first time.

The ability of those within the profession to adapt was inspiring to observe. During a brief, partial reopening in summer 2020, organisations demonstrated exceptional levels of professionalism and imagination in their approach to presenting events safely for the public and within public health guidelines. Throughout 2020, the team at the Arts

sa tuarascáil go bhfuil an seans ann nach dtéarnóidh earnáil na n-ealaíon ón ngéarchéim reatha go dtí 2025. Fuair thart ar 58% d'fhostaithe in earnáil na n-ealaíon íocaíocht na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá nó an íocaíocht Dífhostaíochta um Paindéim (amhail an 24 Lúnasa 2020).

Mar aitheantas ar na dúshláin ar leith a bhí os comhair na hearnála, leithdháileadh €25 milliún eile ar an gComhairle Ealaíon. Rinne comhaltaí na Comhairle agus an fheidhmeannais a ndícheall chun a chinntiú go raibh cosaint ag croi-bhonneagar an tírdhreacha ealaíon agus go bhféadfaí tacaíochtaí a chur ar fáil chomh tapa agus ab fhéidir d'ealaíontóirí agus d'oibrithe ealaíon. Chuir an infheistíocht shuntasach ar ár gcumas díriú ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha, mar atá leagtha amach in Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, chomh maith le roinnt tionscnaimh nua forbartha a bhunú. Tugadh cúpla clár nua maoinithe isteach in 2020, lena n-áirítear Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne, Dámhachtain Nua le haghaidh Forbairt Ghairmiúil, Maoiniú Cobhsaíochta Éigeandála, Tacaíochtaí Léiriúcháin Chruthaithigh agus clár chónaitheachta leathnaithe san amharclannaíocht agus damhsa. Fuarthas 5,839 iarratas in 2020, an líon is mó riamh, agus méadú 95% ar 2019. Meabhraítear leis sin dúinn an cruatan a bhí á fhulaingt i saol na n-ealaíon. Chuir



Council worked assiduously to support the community of artists, arts workers and arts organisations. Additional seminars and clinics were presented and strenuous efforts are ongoing to ensure cohesion in the arts landscape.

Covid 19 has prompted us to accelerate our ambitions in the area of digital work and dissemination. The trend to digitalisation is marked across many areas of Irish society and particularly so in the arts, reinforcing our existing ambition to improve our capacity in this critical area. In a survey conducted for the Arts Council late last year, 64 per cent of online arts consumers said they were willing to pay for accessing arts content online. Hybrid programmes will be a feature of the arts landscape for some time to come and the benefits gained from access to wider audiences will be learnt from and incorporated into future planning across all art forms.

Increased investment will enable the Arts Council to support the arts community negotiate its way through its most testing time. In early 2020, we published our Paying the Artist policy, just before the onset of Covid 19, and along with our Equality Human Rights and Diversity Policy, these policies have formed a blueprint for all our work. We need to ensure that artists are paid appropriately for their work, be that through traditional means or in the digital arena. It is also a paramount concern of ours to create meaningful opportunities for people who experience barriers to working in the arts and to ensure more diverse voices and perspectives are brought to our policy, planning and decision making processes. The pivotal discussions regarding racial inequality, reignited by the Black Lives Matter movement, further emphasise the urgent need for continued commitment to equality across the cultural sector.

What was strikingly evident in 2020 was a heightened degree of collaboration between art forms and between organisations who generously shared learning and resources at this time of need. Across all artforms, new opportunities were explored, dynamic collaborations were formed, creative ideas came to fruition and ambitions were realised by artists, arts workers and arts organisations, with the ongoing support of the Arts Council.

In late 2020, research from Behaviour & Attitudes shows that 61% of the population believe that the arts are essential for a positive sense of wellbeing demonstrating that the arts lie at the heart of a healthy society and that this profession will play a central part in the recovery of Irish society.

infheistíocht mhéadaithe in 2020 ar ár gcumas maoiniú a chur ar fáil do 216 eagraíocht agus 632 duine aonair, den chéad uair riamh.


Ba mhór an t-údar misnigh an cumas a bhí ag na daoine laistigh den ghairm dul in oiriúint do na cúinsí nua. Nuair a osclaíodh áiteanna agus ionaid arís ar feadh tamaillín gearr le linn an tsamhraidh i 2020, léirigh eagraíochtaí gairmiúlacht agus samhlaíocht den chéad scoth ina gcur chuige maidir le himeachtaí a chur i láthair an phobail go sábháilte agus laistigh de na treoirlínte sláinte poiblí. I rith 2020, rinne foireann na Comhairle Ealaíon a dícheall tacú leis an bpobal ealaíontóirí, oibríthe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíne. Cuireadh seimíneáir agus clinicí breise ar fáil agus tá iarrachtaí móra fós ag dul ar aghaidh chun comhtháthú sa tírdhreach ealaíon a chinntiú.

Thug Covid 19 an t-ugach dúinn dlús a chur lenár n-uailmhianta i réimse na hoibre digití agus an scaipthe saothair. Tá an treocht i dtreo digitithe suntasach thar go leor réimsí de shochaí na hÉireann agus go háirithe sna healaíona, ag treisiú ár n-uailmhian reatha ár gcumas a fheabhsú sa réimse criticiúil seo. I suirbhé a rinneadh don Chomhairle Ealaíon ag deireadh na bliana seo caite, dúirt 64% de thomhaltóirí ealaíon ar líne go raibh siad toilteanach íoc as inneachar ealaíon a rochtain ar líne. Beidh cláir hibrídeacha ina ngné de shaol na n-ealaíon ar feadh tamaillí mhaith eile agus gheofar amach faoi na buntáistí a bhainfear as rochtain a fháil ar lucht féachana níos leithne ón bpleanáil a dhéanfar thar gach foirm ealaíne sa todhchaí agus déanfar iad a ionchorprú sa phleanáil sin.

Cuirfidh infheistíocht mhéadaithe ar chumas na Comhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do phobal na n-ealaíon teacht slán ó thréimhse an-chrua ina ngairm. Go luath in 2020, d'fhoilsíomar ár mbeartas Luach Saothair don Ealaíontóir, díreach sular thosaigh Covid 19, agus mar aon lenár mBeartas ar Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, bhí na beartais sin ina threoirphlean dár gcuid oibre go léir. Is gá dúinn a chinntiú go n-íocfar ealaíontóirí go cuí as a gcuid saothair, bíodh sé ar na bealaí traidisiúnta nó sa réimse digiteach. Tá cruthú deiseanna bríocha do dhaoine a gcuireann bacainní oibriú sna healaíona isteach orthu agus a chinntiú go dtugtar guthanna agus peirspictíochtaí níos éagsúla isteach inár bpróisis beartais, phleanála agus chinnteoireachta fíorthábhachtach dúinn chomh maith. Leagann an plé fíorthábhachtach maidir le neamhionannas ciníocha, ar spreag gluaiseacht Black Lives Matter arís é, béim níos mó ar an ngá práinneach atá le leanúint leis an tiomantas atá againn tacú le comhionannas ar fud na hearnála cultúrtha.

Perhaps more than any other time in its existence, and as we move towards our 70th anniversary, the Arts Council is renewing its promise to help build resilience, inclusion and sustainability in the sector. The experience of Covid 19 has developed an understanding across areas of government of the importance of the arts and of its connection to many other sectors.

We are under no illusions about the scale of the challenges ahead but the Arts Council's commitment to supporting the arts profession and the people in it will not waver and I have no doubt that our shared sense of purpose will prevail and enable us to prosper and grow.




**Maureen Kennelly**  
Director  
July 2021

Rud a bhí an-suntasach in 2020 ná an comhoibriú méadaithe idir foirmeacha ealaíne agus eagraíochtaí a roinn rudaí a bhí foghlamtha acu le chéile agus a roinn acmhainní in am seo an ghátair. Fiosraíodh deiseanna nua, cruthaíodh comhar nua, tugadh smaointe cruthaitheacha chun críche agus rinne ealaíontóirí, oibríthe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon tionscadail uailmhianacha a bhuí le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon thar na foirmeacha ealaíne ar fad.

Ag deireadh 2020, taispeánadh i dtaighde de chuid Behaviour & Attitudes go gcreideann 61% den daonra go bhfuil na healaíona riachtanach le haghaidh braistint dhearfach folláine, rud a léiríonn go luíonn na healaíona i gcroílár sochaí folláine agus go mbeidh ról lárnach ag an ngairm seo i dtéarnamh shochaí na hÉireann.

Anois níos mó ná riamh ó bunaíodh í sílim, agus de réir mar a bhogaimid i dtreo cothrom 70 bliain a bunaithe, tá an Chomhairle Ealaíon ag gealladh arís go gcabhróidh sí le hathléimneacht, ionchuimsiú agus inbhuanaitheacht a chothú san earnáil. Tá tuiscint ann anois, ón taithí atá ar Covid 19, thar réimsí den rialtas, maidir leis an tábhacht atá leis na healaíona agus leis an gceangal atá ag na healaíona le go leor earnálacha eile.

Níl aon dul amú orainn faoi na dúshláin ollmhóra atá amach romhainn ach ní theipfidh ar thiomantas na Comhairle Ealaíon chun tacú le gairm na n-ealaíon agus leis na daoine a oibríonn inti agus níl aon amhras orm go seasfaimid an fód agus go mbeidh rath agus borradh fúinn arís.



**Maureen Kennelly**  
Stiúrthóir  
Iúil 2021



# Our Values

## Ár Luachanna

9

As a statutory public body the Arts Council operates within a framework of legal and regulatory obligations and a range of codes of good practice. In addition we are guided by a set of values that includes:

- **Freedom of thought and of expression**  
which is essential to the development of new ideas and new work
- **Commitment to excellence**  
in all aspects of our own work and of that of artists, arts organisations, and others we support
- **Integrity, accountability, transparency**  
in all of our decision-making and especially in our investment of public monies
- **Respect for diversity of artistic practice**  
of public engagement, and of social and cultural traditions
- **Collegiality**  
communicating and working respectfully with partners, stakeholders and the whole arts sector

**Mar chomhlacht poiblí reachtúil, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon laistigh de chreat dualgaís dlí agus rialaithe agus réimse cód um dhea-chleachtas. Mar aon leis sin, táimid treoraithe ag sraith luachanna lena n-áirítear:**

- **Saoirse smaointeoireachta agus léirithe**  
rud atá ríthábhachtach chun smaointe agus saothar nua a fhorbairt
- **Tiomantas do shármhaitheas**  
i ngach gné dár gcuid oibre féin agus de shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus daoine eile lena dtacaímid
- **Sláine, cuntasacht, trédhearcacht**  
inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí
- **Meas ar éagsúlacht i gcleachtas ealaíne,**  
i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha

# Our Vision

## Ár bhFís

10

We are inspired by the prospect of an Ireland

- where the arts are valued as central to civic life, as a hallmark of local and national identity, and as sign and signature of our creativity as a people
- where the arts are practised and enjoyed widely in our communities, public spaces (real and virtual) and in dedicated venues and centres across the country
- where artists and practitioners whose exceptional talent and commitment lead them to work professionally in the arts can have productive and rewarding careers
- where local and national politicians, decision-makers and officials in a wide range of departments and agencies recognise the distinctive societal value of the arts and provide for them accordingly
- where the Arts Council as the national development agency for the arts is resourced adequately to address the full breadth of its remit

**Faighimid inspioráid nuair a smaoinímid ar Éirinn**

- ina léirítear luach ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta agus mar chomhartha agus mar shíniú dár gcruthaitheacht mar dhaoine
- ina gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre
- inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha táirgiúla agus tairbheacha a bheith acu
- ina n-aithníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí luach sochaíoch sáiniúil na n-ealaíon agus ina ndéanann siad soláthar dóibh dá réir sin
- ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a sainchúraim



# Our Mission

## Ár Misean

11

Our mission is to lead the development of the arts in Ireland. We do this in four ways:

- We advocate the importance and value of the arts and promote their practice and development
- We advise government and others on the arts as required by the Arts Act
- We invest public monies allocated to us by government in supporting artists and arts organisations to make work of excellence and in other actions consistent with our remit
- We work in partnership with the Department of the Arts and with other government departments as well as with local government and with agencies and organisations within and beyond the cultural sector

Is é ár misean forbairt na n-ealaíon a threorú in Éirinn. Déanaimid é sin ar cheithre bhealach:

- Tacaímid le tábhacht agus luach na n-ealaíon agus cuirimid a gcleachtadh agus a bhforbairt chun cinn
- Cuirimid comhairle ar an rialtas agus ar dhreamanna eile maidir leis na healaíona de réir mar is gá san Acht Ealaíon
- Infheistímid airgead poiblí a leithdháileann an rialtas orainn le tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar sármhaith a chruthú agus i ngníomhartha eile a thagann lenár sainchúram
- Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon agus le ranna rialtais eile mar aon le rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus taobh amuigh di







## Council Membership 2020

### Baill na Comhairle 2020

14



Kevin Rafter  
Chair / Cathairleach



Fearghus Ó Conchúir  
Deputy Chair /  
Leas-Chathaoirleach



Teresa Buczkowska



Dónall Curtin



Loughlin Deegan



Paddy Glackin



Martina Moloney



Pádraig Ó Duinnín



Mark O'Kelly



Helen Shaw



Melatu Uchenna Okorie



Jillian van Turnhout

←  
Arts Council, Shannon Airport Collection Exhibition.  
Richard Mosse, Kevin Rafter, Andrew Murphy.  
Photographer: Don Moloney. An Chomhairle Ealaíon,  
Taispeántas Bhailiúcháin na Comhairle Ealaíon ag  
Aerfort na Sionainne. Richard Mosse, Kevin Rafter,  
Andrew Murphy. Grianghrafadóir: Don Moloney.







# Financial Statements

for the year ended  
31 December 2020

## Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch  
31 Nollaig 2020

|                                                                                                                                                                                           |       |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------|
| Index / Innéacs                                                                                                                                                                           | 18    |
| Governance Statement and Council Members' Report /<br>Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle                                                                          | 19–25 |
| Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas /<br>Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais | 26–29 |
| Statement on internal control / Ráiteas maidir le rialú inmheánach                                                                                                                        | 29–32 |
| Statement of income and expenditure / Ráiteas ar ioncam agus caiteachas                                                                                                                   | 33    |
| Statement of comprehensive income / Ráiteas ar ioncam cuimsitheach                                                                                                                        | 34    |
| Statement of changes in reserves and capital account /<br>Ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil                                                                     | 35    |
| Statement of financial position / Ráiteas ar staid an airgeadais                                                                                                                          | 36    |
| Statement of cash flows / Ráiteas maidir le sreafaí airgid                                                                                                                                | 37    |
| Notes 1: (a)–(t) Statement of accounting policies /<br>Nótaí 1: (a)–(t) Ráiteas na mbeartas cuntasaoíochta                                                                                | 38–44 |
| Note 2: Critical accounting judgements and estimates /<br>Nóta 2: Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta ríthábhachtacha                                                            | 45–46 |
| Note 3: Income / Nóta 3: Ioncam                                                                                                                                                           | 47–48 |
| Note 4: Staff remuneration / Nóta 4: Luach saothair foirne                                                                                                                                | 49–50 |
| Note 5: Grants / Nóta 5: Deontais                                                                                                                                                         | 51    |
| Note 6: Other administration costs / Nóta 6: Costais riaracháin eile                                                                                                                      | 52    |
| Note 7: Property, plant and equipment / Nóta 7: Maoín, gléasra agus trealamh                                                                                                              | 53–54 |
| Note 8: Receivables & prepayments / Nóta 8: Infháltais & réamhiocaíochtaí                                                                                                                 | 55    |
| Note 9: Payables (amounts falling due within one year) /<br>Nóta 9: Suimeanna iníoctha (suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin)                                                       | 55    |
| Note 10: Reserves / Nóta 10: Cúlchiste                                                                                                                                                    | 56    |
| Note 11: Grant commitments / Nóta 11: Tiomantais deontais                                                                                                                                 | 57    |
| Note 12: Commitments under operating leases / Nóta 12: Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin                                                                                               | 58    |
| Note 13: Provision for liabilities / Nóta 13: Soláthar i gcomhair dlíteanas                                                                                                               | 58    |
| Note 14: Declarations of Members' interests / Nóta 14: Dearbhú leasanna na gComhaltaí                                                                                                     | 59    |
| Note 15: Staff retirement benefit scheme / Nóta 15: Scéim sochar scoir na foirne                                                                                                          | 60–65 |
| Note 16: Deferred retirement benefit asset / Nóta 16: Sócmhainn sochar scoir iarchurtha                                                                                                   | 65    |
| Note 17: Trust funds / Nóta 17: Cistí iontaobhais                                                                                                                                         | 66    |
| Note 18: Approval of financial statements / Nóta 18: Faomhadh na ráiteas airgeadais                                                                                                       | 66    |



Governance

The Arts Council is a body corporate whose continuance is governed by the Arts Act 2003. The key functions of the Arts Council are set out in section 9 of this Act. The Arts Council is accountable to the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and is responsible for ensuring good governance, in the Arts Council, and performs this task by setting strategic objectives and targets and taking strategic decisions on all key business issues. The regular day-to-day management, control and direction of the Arts Council is the responsibility of the Director and the senior management team. The Director and the senior management team must follow the strategic direction set by the Council, and must ensure that all Council members have a clear understanding of the key activities and decisions related to the Arts Council, and of any significant risks likely to arise. The Director acts as a direct liaison between the Council members and management of the Arts Council.

Council Responsibilities

The work and responsibilities of the Council are set out in the Code of Governance Framework, which also contain the matters specifically reserved for Council decision. Standing items considered by the Council include:

- declaration of interests,
- reports from committees,
- financial reports / management accounts,
- performance reports, and
- reserved matters.

The Arts Act, 2003, requires the Arts Council to keep accounts in such form as the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media may, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, from time to time direct.

In preparing these financial statements, the Arts Council is required to:

- select suitable accounting policies and apply them consistently,
- make judgments and estimates that are reasonable and prudent,
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Arts Council will continue in operation,
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in the financial statements.

Rialachas

Is comhlacht corparáideach í an Chomhairle Ealaíon á rialú ag Acht Ealaíon 2003. Tá príomhfheidhmeanna na Comhairle Ealaíon leagtha amach in alt 9 den Acht sin. Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú, sa Chomhairle Ealaíon, agus cuireann sí an cúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistiú ó lá go lá, agus as smacht agus treo na Comhairle Ealaíon. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí aird a thabhairt ar an treo straitéiseach atá leagtha síos ag an gComhairle Ealaíon, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag comhaltaí na Comhairle maidir le príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an gComhairle Ealaíon, agus maidir le haon rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir comhaltaí na Comhairle agus bainistíocht na Comhairle Ealaíon.

Freagrachtaí na Comhairle

Tá obair agus cúraimí na Comhairle leagtha síos sa Chreatchód Rialachais, ina bhfuil nithe atá coimeádta go sonrach freisin le cinneadh ag an gComhairle. Áirítear i measc nithe buana ar a ndéanann an Chomhairle machnamh:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe coimeádta.

Éilíonn an tAcht Ealaíon, 2003, ar an gComhairle Ealaíon cuntais a choimeád ar cibé slí arna hordú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham.

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, iarrtar ar an gComhairle Ealaíon:

- beartais oiriúnacha cuntasaióchta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbeidh sé cuí glacadh leis

The Council is responsible for keeping adequate accounting records which disclose, with reasonable accuracy at any time, its financial position and which enable it to ensure that the financial statements comply with Section 25 of the Arts Act 2003 establishing the Arts Council. The maintenance and integrity of the corporate and financial information on the Arts Council's website is the responsibility of the Council.

The Arts Council is responsible for approving the annual budget. The Council approved the 2020 budget and regularly reviewed it throughout the year.

The Council considers that the financial statements of the Arts Council give a true and fair view of the financial performance and the financial position of the Arts Council at 31 December 2020.

Council Structure

The Arts Council consists of a Chair, and twelve ordinary members, all of whom are appointed by the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. The Council members are appointed for a period of five years. The table below details the appointment period for current members:

| Council Member / Ball na Comhairle | Role / Ról                   | Date Appointed / Dáta ar Ceapadh É/Í     |
|------------------------------------|------------------------------|------------------------------------------|
| Kevin Rafter                       | Chair / Cathaoirleach        | 13 June 2019 / 13 Meitheamh 2019         |
| Fearghus Ó Conchuir                | Ordinary Member / Gnáthbhall | 18 July 2018 / 18 Iúil 2018              |
| Dónall Curtin                      | Ordinary Member / Gnáthbhall | 5 December 2018 / 5 Nollaig 2018         |
| Helen Shaw                         | Ordinary Member / Gnáthbhall | 14 December 2016 / 14 Nollaig 2016       |
| Jillian van Turnhout               | Ordinary Member / Gnáthbhall | 3 October 2019 / 3 Deireadh Fómhair 2019 |
| Loughlin Deegan                    | Ordinary Member / Gnáthbhall | 14 December 2016 / 14 Nollaig 2016       |
| Mark O’Kelly                       | Ordinary Member / Gnáthbhall | 18 July 2018 / 18 Iúil 2018              |
| Martina Moloney                    | Ordinary Member / Gnáthbhall | 14 December 2016 / 14 Nollaig 2016       |
| Melatu Uchenna Okorie              | Ordinary Member / Gnáthbhall | 3 October 2019 / 3 Deireadh Fómhair 2019 |
| Paddy Glackin                      | Ordinary Member / Gnáthbhall | 14 December 2016 / 14 Nollaig 2016       |
| Pádraig Ó Duinnín                  | Ordinary Member / Gnáthbhall | 14 December 2016 / 14 Nollaig 2016       |
| Sinead Moriarty*                   | Ordinary Member / Gnáthbhall | 18 July 2018 / 18 Iúil 2018              |
| Teresa Buczkowska                  | Ordinary Member / Gnáthbhall | 26 November 2019 / 26 Samhain 2019       |

\*Sinéad Moriarty retired on 9 December 2020.

- go leanfaí le feidhmiú na Comhairle Ealaíon,
- dearbhú más amhlaidh gur cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta faoi réir aon athruithe athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuí a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn ag aon am a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 25 d’Acht Ealaíon 2003 lena mbunaítear an Chomhairle Ealaíon. Is faoin gComhairle an fhaisnéis chorparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon a chothabháil agus a shlánú.

Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach as an buiséad bliantúil a cheadú. D’fhaomh an Chomhairle an buiséad don bhliain 2020 agus rinne sí athbhreithnithe rialta air i rith na bliana.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle Ealaíon ag an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr na Comhairle

Tá Cathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon, agus dáréag gnáth-chomhaltaí a cheapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ceaptar comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse cúig bliana. Tá an tréimhse ceapacháin le haghaidh comhaltaí reatha tugtha sa tábla thíos:

\*Chuaigh Sinéad Moriarty ar scor ar an 9 Nollaig 2020.



The Council has established three committees, as follows:

1) Audit and Risk Committee—The principal role of the committee is to review the financial statements of the Council and make appropriate recommendations, to set the internal audit programme, to meet with both internal and external auditors and to monitor and review business risk. The committee normally comprises of three Arts Council members, one of whom is the Chair and three independent members. Currently the members are: Dónall Curtin, Committee Chair, Martina Moloney, Melatu Uchenna Okorie, Penelope Kenny and Michael Mulreany. There were five meetings of the Audit and Risk Committee in 2020.

2) Business and Finance Committee—The primary role of this committee is to oversee and monitor the financial operations of the Council. Currently, the members of this committee are: Martina Moloney Committee Chair, Dónall Curtin, Pádraig Ó Duinnín, Helen Shaw, Jillian van Turnhout and Paddy Glackin. There were six meetings of the Business and Finance Committee in 2020.

3) Policy and Strategy Committee—The primary role of this committee is policy-making and issues of strategic priority. Currently, the members of this committee are: Loughlin Deegan Committee Chair, Fearghus Ó Conchúir, Helen Shaw, Mark O’Kelly, Teresa Buczkowska and Sinéad Moriarty. There were five meetings of the Policy and Strategy Committee in 2020.

Key Personnel Changes

There were no Council Members appointed in 2020, However, one Council Member, Sinéad Moriarty retired in December, 2020.

Council Evaluation

The Council undertook an internal review of its performance for 2020 and the results were presented to the April 2021 Council Meeting.

Tá trí choiste bhunaithe ag an gComhairle, mar seo a leanas:

1) An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca - Is é príomhról an choiste athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle agus moltaí iomchuí a dhéanamh, an clár iniúchta inmheánaigh a leagan síos, bualadh le hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha araon agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an riosca gnó. Is iondúil go mbíonn triúr comhaltaí de chuid na Comhairle Ealaíon ar an gcoiste, an Cathaoirleach ar dhuine acu sin, agus triúr comhaltaí neamhspleácha. Faoi láthair is iad na comhaltaí: Dónall Curtin, Cathaoirleach an Choiste, Martina Moloney, Melatu Uchenna Okorie, Penelope Kenny agus Michael Mulreany. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2020.

2) An Coiste Gnó agus Airgeadais – Is é príomhról an choiste seo maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí airgeadais na Comhairle. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an choiste: Martina Moloney, Cathaoirleach an Choiste, Dónall Curtin, Pádraig Ó Duinnín, Helen Shaw, Jillian Van Turnhout agus Paddy Glackin. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Gnó agus Airgeadais in 2020.

3) An Coiste Beartais agus Straitéise – Is é príomhról an choiste seo cinntí a dhéanamh agus saincheisteanna a bhfuil tosaíocht straitéiseach acu a láimhseáil. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an choiste: Loughlin Deegan, Cathaoirleach an Choiste, Fearghus Ó Conchúir, Helen Shaw, Mark O’Kelly, Teresa Buczkowska agus Sinéad Moriarty. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Beartais agus Straitéise in 2020.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Níor ceapadh aon Chomhaltaí Comhairle sa bhliain 2020. Chuaigh Sinéad Moriarty ar scor ar Nollaig 2020, áfach.

Measúnú na Comhairle

Rinne an Chomhairle athbhreithniú inmheánach ar a cuid feidhmíochta i gcomhair 2020 agus cuireadh na torthaí faoi bhráid Chruinniú na Comhairle i mí Aibreáin 2021.

Schedule of Attendance, Fees and Expenses

A schedule of attendance at the Plenary and Committee meetings for 2020 is set out below including the fees and expenses received by each member.

|                                                         | Plenary Meeting / Cruinniú Iomlánach | Audit & Risk Committee / An Coiste Iniúcháineachta & Riosca | Business & Finance Committee / An Coiste Gnó & Airgeadas | Policy & Strategy Committee / An Coiste Beartais & Straitéise | Fees / Táillí 2020 € | Expenses / Costais 2020 € |
|---------------------------------------------------------|--------------------------------------|-------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------|----------------------|---------------------------|
| Number of Meetings / Líon na gCruinnithe                | 16                                   | 5                                                           | 6                                                        | 5                                                             |                      |                           |
| Council Members / Comhaltaí na Comhairle                |                                      |                                                             |                                                          |                                                               |                      |                           |
| Kevin Rafter (Chair)                                    | 16                                   | 5*                                                          | 6*                                                       | 5*                                                            | -                    | 1,156                     |
| Fearghus Ó Conchuir                                     | 16                                   |                                                             | 5*                                                       | 5                                                             | 5,985                | 1,171                     |
| Dónall Curtin                                           | 16                                   | 5                                                           | 5                                                        | 4*                                                            | 5,985                | 1,798                     |
| Helen Shaw                                              | 16                                   |                                                             | 6                                                        | 5                                                             | 5,985                | -                         |
| Jillian van Turnhout                                    | 15                                   |                                                             | 5                                                        | 3*                                                            | 5,985                | -                         |
| Loughlin Deegan                                         | 16                                   |                                                             | 2*                                                       | 5                                                             | 5,985                | -                         |
| Mark O’Kelly                                            | 16                                   |                                                             | 1*                                                       | 5                                                             | -                    | -                         |
| Martina Moloney                                         | 15                                   | 5                                                           | 6                                                        | 5*                                                            | 5,985                | -                         |
| Melatu Uchenna Okorie                                   | 15                                   | 2                                                           | 1*                                                       | 2*                                                            | 5,985                | -                         |
| Paddy Glackin                                           | 15                                   |                                                             | 5                                                        | 3*                                                            | 5,985                | -                         |
| Pádraig Ó Duinnín                                       | 12                                   |                                                             | 1 (3)**                                                  | 2 (2)**                                                       | 5,985                | 369                       |
| Sinead Moriarty                                         | 15                                   |                                                             | 2*                                                       | 5                                                             | 5,985                | -                         |
| Teresa Buczkowska*                                      | 14                                   |                                                             |                                                          | 4* (2)**                                                      | 5,985                | -                         |
| External ARC Members / Comhaltaí Seachtracha an Choiste |                                      |                                                             |                                                          |                                                               |                      |                           |
| Penelope Kenny                                          |                                      | 5                                                           |                                                          |                                                               | 2,000                | -                         |
| Michael Mulreany                                        |                                      | 5                                                           |                                                          |                                                               | -                    | -                         |
|                                                         |                                      |                                                             |                                                          |                                                               | 67,835               | 4,494                     |

\*Council members who were not committee members but who were in attendance.

\*\*The figure shown in brackets relates to members appointed / reappointed during 2020 and the number of meetings that they were required to attend.

There were two council members, Kevin Rafter (Chair Annual Fee €8,978) and Mark O’Kelly (Annual Fee €5,985) and one member of the Audit and Risk committee Michael Mulreany (Annual Fee €2,000), who did not receive a Council fee under the One Person One Salary (OPOS) principle.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh na gcrúinnithe Iomlánacha agus Coiste i gcomhair 2020 lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

|                                                         | Plenary Meeting / Cruinniú Iomlánach | Audit & Risk Committee / An Coiste Iniúcháineachta & Riosca | Business & Finance Committee / An Coiste Gnó & Airgeadas | Policy & Strategy Committee / An Coiste Beartais & Straitéise | Fees / Táillí 2020 € | Expenses / Costais 2020 € |
|---------------------------------------------------------|--------------------------------------|-------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------|----------------------|---------------------------|
| Number of Meetings / Líon na gCruinnithe                | 16                                   | 5                                                           | 6                                                        | 5                                                             |                      |                           |
| Council Members / Comhaltaí na Comhairle                |                                      |                                                             |                                                          |                                                               |                      |                           |
| Kevin Rafter (Chair)                                    | 16                                   | 5*                                                          | 6*                                                       | 5*                                                            | -                    | 1,156                     |
| Fearghus Ó Conchuir                                     | 16                                   |                                                             | 5*                                                       | 5                                                             | 5,985                | 1,171                     |
| Dónall Curtin                                           | 16                                   | 5                                                           | 5                                                        | 4*                                                            | 5,985                | 1,798                     |
| Helen Shaw                                              | 16                                   |                                                             | 6                                                        | 5                                                             | 5,985                | -                         |
| Jillian van Turnhout                                    | 15                                   |                                                             | 5                                                        | 3*                                                            | 5,985                | -                         |
| Loughlin Deegan                                         | 16                                   |                                                             | 2*                                                       | 5                                                             | 5,985                | -                         |
| Mark O’Kelly                                            | 16                                   |                                                             | 1*                                                       | 5                                                             | -                    | -                         |
| Martina Moloney                                         | 15                                   | 5                                                           | 6                                                        | 5*                                                            | 5,985                | -                         |
| Melatu Uchenna Okorie                                   | 15                                   | 2                                                           | 1*                                                       | 2*                                                            | 5,985                | -                         |
| Paddy Glackin                                           | 15                                   |                                                             | 5                                                        | 3*                                                            | 5,985                | -                         |
| Pádraig Ó Duinnín                                       | 12                                   |                                                             | 1 (3)**                                                  | 2 (2)**                                                       | 5,985                | 369                       |
| Sinead Moriarty                                         | 15                                   |                                                             | 2*                                                       | 5                                                             | 5,985                | -                         |
| Teresa Buczkowska*                                      | 14                                   |                                                             |                                                          | 4* (2)**                                                      | 5,985                | -                         |
| External ARC Members / Comhaltaí Seachtracha an Choiste |                                      |                                                             |                                                          |                                                               |                      |                           |
| Penelope Kenny                                          |                                      | 5                                                           |                                                          |                                                               | 2,000                | -                         |
| Michael Mulreany                                        |                                      | 5                                                           |                                                          |                                                               | -                    | -                         |
|                                                         |                                      |                                                             |                                                          |                                                               | 67,835               | 4,494                     |

\*Comhaltaí de chuid na Comhairle nár chomhaltaí den Choiste iad ach a bhí i láthair.

\*\*Baineann an figiúr a thaispeántar idir lúbíní le baill a ceapadh / a athcheapadh le linn 2020 agus líon na gcrúinnithe a raibh orthu freastal orthu.

Bhí beirt chomhaltaí den chomhairle, Kevin Rafter (an Cathaoirleach, Táille Bhliantúil €8,978) agus Mark O’Kelly (Táille Bhliantúil €5,985), agus comhalta amháin den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, Michael Mulreany (Táille Bhliantúil €2,000), nach bhfuair táille Comhairle faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.



Disclosures Required by Code of Practice for the Governance of State Bodies

The Council is responsible for ensuring that the Arts Council has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies (“the Code”), as published by the Department of Public Expenditure and Reform in August 2016. The following disclosures are required by the Code:

Key Risks

The Arts Council's key risks are fraud, internal control, conflict of interest, cybersecurity, delivery of the ICT transformation project and resource availability. The Arts Council's risk and control framework is detailed in the Statement of Internal Control.

Employee Short-Term Benefits Breakdown

Number of employees whose benefits (excluding retirement benefits) are €60,000 or greater

|                     | 2020 | 2019 |
|---------------------|------|------|
| €60,000 - €69,999   | 10   | 11   |
| €70,000 - €79,999   | 2    | 2    |
| €80,000 - €89,999   | 2    | 3    |
| €90,000 - €99,999   | 2    | 2    |
| €110,000 - €119,999 | 1    | -    |

Note: For the purposes of this disclosure, short-term employee benefits in relation to services rendered during the reporting period include salary but exclude employer’s PRSI.

Nochtadh a larrtar leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chomhairle Ealaíon ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Iarrtar an nochtadh seo a leanas sa Chód:

Príomhrioscaí

Is iad príomhrioscaí na Comhairle Ealaíon calaois, rialú inmheánach, coinbhleacht leasa, cibearshlándáil, seachadadh an tionscadail athraithe TFC agus soláthar acmhainní. Leagtar amach creat um riosca agus rialú na Comhairle Ealaíon sa Ráiteas um Rialú Inmheánach.

Miondealú de Shochair Gearrthéarmacha Fostaithe

Líon na bhfostaithe ar fiú €60,000 nó níos mó a sochair (gan sochair scoir san áireamh)

Tabhair faoi deara: Chun críche an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí arna soláthar i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ach ní chuirtear ÁSPC Fostóra san áireamh.

Consultancy Costs

Consultancy costs include the cost of external advice to management and exclude outsourced ‘business-as-usual’ functions.

| Consultancy Costs / Costais Chomhairliúcháin                          | 2020<br>€000's | 2019<br>€000's |
|-----------------------------------------------------------------------|----------------|----------------|
| Legal Advice / Comhairle Díl                                          | 159            | 137            |
| Procurement Advice / Comhairle maidir le Soláthar                     | 59             | 96             |
| PR / Communications Consultancy / PR / Comhairleoireacht Cumarsáide   | 40             | 48             |
| Financial / Actuarial Advice / Comhairle Airgeadais / Achtúireach     | 109            | 48             |
| Other / Eile                                                          | 275            | 219            |
| Total Consultancy Costs / Costais Iomlána na Comhairleoireachta       | 642            | 548            |
|                                                                       |                |                |
| Consultancy costs capitalised / Costas Comhairleoireachta a caitheadh | 753            | 268            |
| Total / Iomlán                                                        | 1,395          | 816            |

Legal Costs and Settlements

Other than expenditure incurred in relation to general legal advice received by the Arts Council, which is disclosed in Consultancy costs above, there was no expenditure incurred in the reporting period in relation to legal costs, settlements and conciliation and arbitration proceedings relating to contracts with third parties.

Travel and Subsistence Expenditure

Travel and subsistence expenditure is categorised as follows:

|                               | 2020<br>€000's | 2019<br>€000's |
|-------------------------------|----------------|----------------|
| Domestic / Intíre             |                |                |
| – Council / Comhairle         | 6              | 21             |
| – Employees / Fostaithe       | 15             | 97             |
| International / Idirnáisiúnta |                |                |
| – Council / Comhairle         | -              | 2              |
| – Employees / Fostaithe       | 2              | 17             |
| Total / Iomlán                | 23             | 137            |

Travel and subsistence expenditure includes €4,000 (2019: €17,000) of expenses paid directly to the members. An additional €2,000 (2019: €6,000) was incurred on their behalf in 2020. The total of €6,000 (2019: €23,000) is shown above. The Council incurs expenditure on attendance by Council members, staff and guests at appropriate events. This expenditure is not classified as hospitality.

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíochta agus ní áirítear leis feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’ leis.

Costais Díl agus Socruithe

"Cé is moite de chaiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí a fuair an Chomhairle Ealaíon, a nochtar na Costais Chomhairleoireachta thuas, níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe.

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Tá an caiteachas ar Thaisteal agus Cothú curtha sna catagóirí seo a leanas:

Áirítear leis an gcaiteachas ar thaisteal agus cothabháil €4,000 (2019: €17,000) a íocadh go díreach le comhaltaí. Tabhaíodh €2,000 (2019: €6,000) breise ar a son in 2020. Taispeántar an t-iomlán €6,000 (2019: €23,000) thuas. Tabhaíonn an Chomhairle caiteachas ar fhreastal chomhaltaí, fhoireann agus aíonna na Comhairle ag imeachtaí cuí. Ní rangaítear an caiteachas seo mar fháilteachas.



Hospitality Expenditure

The Income and Expenditure Account includes the following hospitality expenditure:

|                                         | 2020<br>€000's | 2019<br>€000's |
|-----------------------------------------|----------------|----------------|
| Staff hospitality / Fáilteachas foirne  | -              | 1              |
| Client hospitality / Fáilteachas cliant | 1              | 9              |
| <b>Total / Iomlán</b>                   | <b>1</b>       | <b>10</b>      |

Gender Balance, Diversity and Inclusion

As at 31 December 2020, the Arts Council had five (42%) female and seven (58%) male members, with one female position vacant. The Arts Council meets the Government target of a minimum of 40% representation of each gender in the membership of State Boards.

In 2019 the Arts Council published its Equality, Human Rights & Diversity Policy & Strategy. In so doing the Arts Council is committed to taking actions to actively deepen its understanding of inequalities in the arts and develop substantive ways to address them. There is recognition that the policy must be embedded by ensuring that Council, staff, advisers and panellists, best reflect and represent the diversity of contemporary Ireland. A condensed version of the Policy has been published in Irish and ten other languages.

Statement of Compliance

The Council has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies, as published by the Department of Public Expenditure and Reform in August 2016 and its Annex published in 2020.

Parliamentary Questions

The Arts Council can confirm that we have in place procedures for dealing with parliamentary questions that are sent to the Arts Council from the Houses of the Oireachtas. No questions were received in 2020.

Caiteachas ar Fáilteachas

Cuirtear san áireamh an caiteachas seo a leanas ar fáilteachas sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

|                                         | 2020<br>€000's | 2019<br>€000's |
|-----------------------------------------|----------------|----------------|
| Staff hospitality / Fáilteachas foirne  | -              | 1              |
| Client hospitality / Fáilteachas cliant | 1              | 9              |
| <b>Total / Iomlán</b>                   | <b>1</b>       | <b>10</b>      |

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí cúigear (42%) comhaltaí bainearna agus seachtar (58%) comhaltaí fireanna ag an gComhairle Ealaíon, le folúntas bainearna amháin ar fáil. Comhlíonann an Chomhairle Ealaíon sprioc an rialtais le hionadaíocht de 40% ar a laghad ar an dá inscne a bhaint amach ó thaobh chomhaltas na mBord Stáit.

In 2019, d’fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon a Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht. Leis seo a dhéanamh, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta tabhairt faoi ghníomhartha chun a tuiscint ar an neamhionannas sna healaíona a neartú agus chun bealaí substainteacha a fhorbairt le dul i ngleic leo. Aithnítear go gcaithfidh an beartas a bheith fite fuaite trína chinntiú go léirítear éagsúlacht Éire na linne seo inár gComhairle, foireann, comhairleoirí agus painéalaithe. Tá leagan coimrithe den Bheartas ar fáil i nGaeilge agus i ndeich dteanga eile.

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 agus a Aguisín a foilsíodh in 2020, comhlíonta ag an gComhairle.

Ceisteanna Parlaiminteacha

Is féidir leis an gComhairle Ealaíon a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta againn le ceisteanna parlaiminteacha a láimhseáil a sheoltar chuig an gComhairle Ealaíon ó Thithe an Oireachtais. Ní bhfuarthas aon cheist in 2020.

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of An Chomhairle Ealaíon (the Arts Council) for the year ending 31 December 2020 as required under the provisions of section 25 of the Arts Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the statement of comprehensive income
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Arts Council at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Arts Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Arts Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Council members’ report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy  
Comptroller and Auditor General  
06 July 2021

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de réir fhorálacha Alt 25 den Acht Ealaíon, 2003. Áirítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Comhairle Ealaíon amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2020 ag teacht le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le Poblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISA) mar a d’fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín a théann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gComhairle Ealaíon agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá bailithe agam mar bhunús mo thuairime.

Tuairisc ar eolas eile nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon chomh maith leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear ansin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí na Comhairle agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a théann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar a leithéid d’eolas agus ar cheisteanna áirithe eile a ndéanamh tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtair Cuntas agus  
Ciste, an 6 Iúil 2021

Kevin Rafter

Prof. Kevin Rafter  
Chairperson  
05 July 2021

Dónall Curtin

Dónall Curtin  
Chair of Audit and  
Risk Committee  
05 July 2021

Kevin Rafter

An tOll. Kevin Rafter  
Cathaoirleach  
5 Iúil 2021

Dónall Curtin

Dónall Curtin  
Cathaoirleach an Choiste  
Iniúcháireachta agus Riosca  
5 Iúil 2021



Responsibilities of Council members

- As detailed in the governance statement and Council members’ report, the Council is responsible for
- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 25 of the Arts Act 2003
  - ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
  - ensuring the regularity of transactions
  - assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
  - such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 25 of the Arts Act 2003 to audit the financial statements of the Arts Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so:

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.

Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle

Mar a leagtar amach i ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí na Comhairle, tá an Chomhairle freagrach as an méid seo a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 25 den Acht Ealaíon 2003
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais, faoi réir FRS102
- rialtacht na n-aistrithe a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an cuí nó nach cuí an bunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta, agus
- an oiread rialaithe inmheánaigh agus is cuí, dar leo, le hullmhú na ráiteas airgeadais atá saor ó mhíraráiteas ábhartha, de bharr calaoise nó earráide, a chumasú.

Dualgaís an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm, faoi Alt 25 den Acht Ealaíon 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon agus tuairisciú a dhéanamh orthu do Thithe an Oireachais.

Tá sé de chuspóir agam agus an t-iniúchadh idir lámha agam dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíraráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán míráiteas i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráiteas a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go bhféadfadh tionchar a bheith acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar mar thoradh ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh de réir na gCaighdeán, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Mar chuid de sin,

- Aithním agus measaim rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais de bharr calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus bailím fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an baol nach n-aimseofar míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná ceann de bharr earráide, de bharr go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon turas, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist.

- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Arts Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Arts Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d’fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh a fheileann don chás, ach ní d’fhonn tuairim a chur in iúl ar éifeacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar iomchuibheas na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara.
- Tarraingím conclúidí ar iomchuibheas úsáid an bhunúis gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhailítear, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí a d’fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas na Comhairle Ealaíon leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má shocraím gurb ann d’éiginnteacht ábhartha, tá orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na faisnéisithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na faisnéisithe sin, mo thuairim a leasú. Bunaítear mo chuid conclúidí ar an bhfianaise iniúchta a bhailítear suas le dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, mar gheall ar imeachtaí nó ar dhálaí amach anseo go stopfadh an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, na faisnéisithe san áireamh, agus ar cé acu an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar bhun-aistrithe agus ar bhun-imeachtaí ar bhealach cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil dualgas orthu i leith rialachais mar a bhaineann sé le scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus le torthaí suntasacha an iniúchta, easnaimh shuntasachta i smacht inmheánach a aithním le linn m’iniúchta san áireamh, i measc ceisteanna eile.

Eolas eile nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear i mo thuairimse ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh ar fáil leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid de chineál ar bith orthu sin.

Maidir le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais. tá orm faoi na Caighdeáin an t-eolas eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, lena linn sin, machnamh a dhéanamh ar cé acu an dtagann nó nach dtagann an t-eolas eile sin leis na ráitis airgeadais nó le heolas a bailíodh le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air gur míráiteas ábhartha é. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo, tá orm an fhíric sin a thuairisciú.



Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion:

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Statement on internal control /  
Ráiteas maidir le rialú inmheánach

Scope of Responsibility

On behalf of the Arts Council, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal control is maintained and operated. This responsibility takes account of the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies 2016.

Purpose of the System of Internal Control

The system of internal control is designed to manage risk to a tolerable level rather than to eliminate it. The system can therefore only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded and that material errors or irregularities are either prevented or detected in a timely way.

The system of internal control, which accords with guidance issued by the Department of Public Expenditure and Reform has been in place in the Arts Council for the year ended 31 December 2020 and up to the date of approval of the financial statements.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déanaim an t-iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí ceaptha dó nó nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- mura mbíonn na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Raon na Freagrachta

Ar son na Comhairle Ealaíon, aithním go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 san áireamh san fhreagracht sin.

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnta a sholáthar, agus ní dearbhú dearfach, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á n-aimsiú ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoír arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Chomhairle Ealaíon don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus suas go dtí an dáta ar ceadaiódh na ráitis airgeadais.

Capacity to Handle Risk

The Arts Council has an Audit and Risk Committee (ARC) comprising two external members and three Council members, one of whom is the Chair, with financial and audit expertise. The ARC met five times in 2020.

The Arts Council has also established an internal audit function. An accounting firm is appointed to perform the internal audit process and conducts a programme of work agreed with the ARC.

The ARC has developed a risk management policy which sets out its risk appetite, the risk management processes in place and details the roles and responsibilities of staff in relation to risk. The policy has been issued to all staff to read who are expected to work within the Arts Council's risk management policy, to alert management on emerging risks and control weaknesses and assume responsibility for risks and controls within their own area of work.

Risk and Control Framework

The Arts Council has implemented a risk management system which identifies and reports key risks and the management actions being taken to address and, to the extent possible, to mitigate those risks.

Retirement benefit costs reflect retirement benefits earned by employees in the period and are shown net of staff retirement benefit contributions. An amount corresponding to the retirement benefit charge is recognised as income to the extent that it is recoverable, and offset by grants received in the year to discharge retirement benefit payments. Actuarial gains or losses arising from changes in actuarial assumptions and from experience surpluses and deficits are recognised in the Statement of Comprehensive Income for the year in which they occur and a corresponding adjustment is recognised in the amount recoverable from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. / Léiríonn costais sochar scoir sochair scoir arna dtuilleamh ag fostaíthe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí sochar scoir foirne. Tá méid a fhreagraíonn do chostas na sochar scoir aitheanta mar ioncam sa mhéid agus gur féidir é a fháil ar ais, agus é cúitithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí sochar scoir a ghlanadh. Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar na boinn tuisceana achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh arna dtabhú, aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain lena mbaineann siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Retirement benefit liabilities represent the present value of future retirement benefit payments earned by the staff to date. Deferred retirement benefit funding represents the corresponding asset to be recovered in future periods from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. / Tá dlíteanais sochar scoir cothrom le luach reatha

íocaíochtaí sochar scoir na todhchaí arna dtuilleamh ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú sochar scoir iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le fáil amach anseo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

The Arts Council has one other operational retirement benefit scheme for members of Aosdána. This is a defined contribution scheme. The Arts Council has no long term liabilities arising from this scheme and therefore does not account for it under FRS102. The Arts Council makes matching contributions to the Aosdána retirement benefit scheme. These costs are charged to the grants in the period to which they relate. / Tá scéim sochar scoir eile i bhfeidhm ag an gComhairle Ealaíon do chomhaltaí Aosdána. Scéim ranníocaíochta sainithe í seo. Níl aon dlíteanais fhadtéarmacha ag an gComhairle Ealaíon a eascraíonn as an scéim seo agus mar sin tugtar cuntas ina leith faoi FRS102. Déanann an Chomhairle Ealaíon ranníocaíochtaí comhfhreagracha i dtaca le scéim sochar scoir Aosdána. Gearrtar na costais sin ar na deontais sa tréimhse lena mbaineann siad.

**Note 1(l) Other financial assets / Nóta 1(l) Sócmhainní airgeadais eile**

Other financial assets including receivables are initially measured at the undiscounted amount of cash receivable from that customer, which is normally the invoice price, and are subsequently measured at amortised cost less impairment, where there is objective evidence of an impairment. / Déantar sócmhainní airgeadais eile, lena n-áirítear infháiltais, a thomhas i dtosach de réir mhéid neamhlascainithe an airgid thirim atá infhála ón gcustaiméir sin, arb é an praghas ar an sonrasc é go hiondúil, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin de réir an chostais amúchta lúide bearnú, sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú ann.

**Note 1(m) Other financial liabilities / Nóta 1(m) Dlíteanais airgeadais eile**

Trade liabilities are measured at invoice price, unless payment is deferred beyond normal business terms or is financed at a rate of interest that is not market rate. In this case the arrangement constitutes a financing transaction, and the financial liability is measured at the present value of the future payments discounted at a market rate of interest for a similar debt instrument. / Déantar dlíteanais trádála a thomhas de réir an phraghais ar an sonrasc, mura ndéantar an íocaíocht a iarchur thar ná gnáthchoinníollacha gnó nó mura ndéantar an íocaíocht a mhaoiniú ag ráta úis nach ráta an mhargaidh é. Sa chás sin, is idirbheart maoiniúcháin atá sa socrú, agus déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas de réir luach láithreach na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

**Note 1(n) Impairment of financial assets / Nóta 1(n) Bearnú sócmhainní airgeadais**

At the end of each reporting period, the Arts Council assesses whether there is objective evidence of impairment of any financial assets that are measured at cost or amortised cost, including trade debtors and cash. If there is objective evidence of impairment, impairment losses are recognised in the statement of income and expenditure in that financial year. / Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déanann an Chomhairle Ealaíon measúnú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú aon sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar a gcostas nó ar a gcostas amúchta, lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus airgead tirim. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear caillteanais bhearnaithe sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas sa bhliain airgeadais sin.



**Note 1(o) Provisions / Nóta 1(o) Soláthairtí**

Provisions are recognised when the Arts Council has a present legal or constructive obligation as a result of past events; it is probable that an outflow of resources will be required to settle the obligation; and the amount of the obligation can be estimated reliably. / Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an gComhairle Ealaíon mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a shocrú; agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

**Note 1(p) Contingencies / Nóta 1(p) Teagmhais**

Contingent liabilities arising as a result of past events, are not recognised when (i) it is not probable that there will be an outflow of resources or that the amount cannot be reliably measured at the reporting date or (ii) when the existence will be confirmed by the occurrence or non-occurrence of uncertain future events not wholly within the Arts Council's control. Contingent liabilities are disclosed in the financial statements unless the probability of an outflow is remote. / Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha a thagann chun cinn de thoradh imeachtaí roimhe seo sna cásanna seo: (i) ní dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó ní féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag an dáta tuairiscithe, nó (ii) más rud é go ndeimhneofar an dlíteanas a bheith ann nuair a tharlóidh nó nuair nach dtarlóidh imeachtaí neamhchinnte amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi smacht na Comhairle Ealaíon. Ní nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura bhfuil ach seans an-bheag ann go dtarlóidh eis-sreabhadh.

Contingent assets are not recognised. Contingent assets are disclosed in the financial statements when an inflow of economic benefits is probable. / Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

**Note 1(q) Trust funds / Nóta 1(q) Cistí iontaobhais**

Trust fund investments (Note 17), are stated at fair value and are held in trust by the Arts Council. Trust funds transactions are not included in the Statement of income and expenditure. The closing bank balances of all of the trust funds are included in the Statement of financial position as a Financial asset. / Luaitear infheistíochtaí na gcistí iontaobhais (Nóta 17) ag luach cóir agus sealbhaíonn an Chomhairle Ealaíon iad ar iontaobhas. Ní áirítear idirbhearta cistí iontaobhais sa Ráiteas ar ioncam agus caiteachas. Luaitear iarmhéideanna deiridh bainc na gcistí iontaobhais uile ar an Ráiteas ar staid an airgeadais mar shócmhainn Airgeadais.

**Note 1(r) Comparative amounts / Nóta 1(r) Méideanna comparáideacha**

In certain instances, the prior year figures have been restated where necessary in order to provide a direct comparison with amounts which have been reclassified in the current year. / I gcúinsí áirithe, rinneadh na figiúirí ón mbliain roimhe a athdhearbhú áit ar ghá chun comparáid dhíreach a sholáthar le méideanna a athaicmíodh sa bhliain reatha.

**Note 1(s) Nóta 1(s) Cnuas**

The Arts Council makes provision at each reporting date for Cnuas payments payable in the period from the award date or the anniversary of the award date to the next annual review in respect of each recipient date that falls due after the reporting date having regard to any advance payments made as of that date.

The charge to the Statement of income and expenditure represents the movement in the provision year on year after taking account of cash payments during the year (Note 13). / Déanann an Chomhairle Ealaíon soláthar gach dáta tuairiscithe d'íocaíochtaí Cnuais a bheidh le hóc le linn na tréimhse ón dáta dámhachtana nó ó chothrom lae na dámhachtana go dtí an chéad athbhreithniú bliantúil eile maidir le gach dáta faighte a bhíonn dlite tar éis an dáta tuairiscithe ag féachaint d'aon réamhíocaíochtaí atá déanta ar an dáta sin. Léirítear leis an muirear ar an Ráiteas ar ioncam agus caiteachas an ghluaiseacht san fhoráil bliain ar bhliain agus íocaíochtaí airgid sa bhliain á gcur san áireamh (Nóta 13).

In 1981, Aosdána\* was set up to honour artists whose work has made an outstanding contribution to the creative arts in Ireland. The Arts Council reached an agreement with Aosdána to provide a bursary (Cnuas) to qualifying members of Aosdána to enable such members to pursue artistic activities on a substantive full time basis where such qualifying members might not otherwise be in a position to do so. The terms and conditions attaching to the Cnuas have been clarified over the years and in order to provide some degree of certainty over the time period of the grant assistance it was agreed that the term of the Cnuas would be set at five years provided certain terms and conditions, all of which are within the control of the qualifying member, continue to be achieved for each year of the five year cycle. At the end of the five year cycle, in order for the grant assistance to continue for a further five year cycle, the qualifying member has to submit a new application for approval by the Arts Council which is then assessed by reference to the qualifying conditions. / Bunaíodh Aosdána\* in 1981 ar mhaithe le hómós a thabhairt do na healaíontóirí sin ar chuir a saothar go mór leis na healaíona cruthaitheacha in Éirinn. Tháinig an Chomhairle Ealaíon ar shocrú le hAosdána sparánacht (Cnuas) a chur ar fáil do chomhaltaí incháilithe Aosdána le cur ar chumas na gcomhaltaí sin tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ealaíne ar bhonn lánaimseartha substainteach i gcás go mb'fhéidir nach mbeadh sé ar a gcumas é a dhéanamh murach an sparánacht. Rinneadh soiléiriú ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an gCnuas thar na mblianta agus, chun cinnteacht éigin a thabhairt maidir le tréimhse ama an chúnaimh deontais, aontaíodh go socrófaí téarma Cnuais ag cúig bliana ar an gcoinníoll go gcloítear le téarmaí agus coinníollacha áirithe, atá ar fad faoi smacht an chomhalta incháilithe, i ngach bliain den timthriall cúig bliana. Ag deireadh an timthrialla cúig bliana sin, chun an cúnamh deontais a fháil ar feadh timthriall cúig bliana eile, ní mór don chomhalta incháilithe iarratas nua a chur isteach lena fhaomhadh ag an gComhairle Ealaíon. Déantar an t-iarratas sin a mheasúnú ansin trí thagairt do na coinníollacha cáilithe.

\*Membership, which is by peer nomination and election, is limited to 250 living artists. / \*Is le hainmniúchán comhghleacaithe agus le toghchán a cheaptar comhaltaí Aosdána agus ní féidir níos mó ná 250 ealaíontóir beo a bheith ann ag am ar bith.

**Note 1(t) Revenue Reserves / Nóta 1 (t) Cúlchistí Ioncaim**

Revenue Reserves are ideally to be maintained at between €1m to €1.25m, inclusive of any provisions for liabilities. These Reserves are required to fund possible short-term deficits due to unexpected expenditure needs. Where cumulative reserves held are above or below this level prospective measures should be taken to restore them to their agreed level. The application authority for Revenue Reserves rests with the Council. / Más féidir é, is fearr Cúlchistí Ioncaim a choinneáil ag idir €1m agus €1.25m, agus aon fhorálacha do dhlíteanais san áireamh. Teastaíonn na Cúlchistí seo chun aon easnaimh ghearrthéarma mar gheall ar riachtanais chaiteachais nach rabhtas ag súil leo a mhaoiniú. I gcás go gcoinnítear cúlchistí carnacha os cionn an leibhéil seo nó faoi, ba cheart bearta ionchasacha a ghlacadh chun iad a athchóiriú chuig a leibhéal comhaontaithe. Is ag an gComhairle atá an t-údarás maidir le hiarratais ar Chúlchistí Ioncaim.



The preparation of these financial statements requires management to make judgements, estimates and assumptions that affect the application of policies and reported amounts of assets and liabilities, income and expenses. / Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm beartas agus ar mhéideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

Judgements and estimates are continually evaluated and are based on historical experiences and other factors, including expectations of future events that are believed to be reasonable under the circumstances. The Arts Council makes estimates and assumptions concerning the future. The resulting accounting estimates will, by definition, seldom equal the related actual results. The estimates and assumptions that have a significant risk of causing a material adjustment to the carrying amounts of assets and liabilities within the next financial year are discussed below. / Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin, agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais imeachtaí amach anseo a gcreidtear iad a bheith réasúnta faoi mar atá cúrsaí. Déanann an Chomhairle Ealaíon meastacháin agus toimhdí a bhaineann leis an todhchaí. Is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin, faoi mar a thuigfí, cothrom leis na torthaí gaolmhara iarbhir. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil riosca suntasach leo go mbeidh siad ina gcúis le coigeartú ábhartha ar mhéideanna sócmhainní agus dliteanas arna dtabhairt ar aghaidh sa chéad bhliain airgeadais eile.

**(a) Going concern / (a) Gnóthas leantach**

There is no material uncertainty regarding the Arts Council's ability to meet its liabilities as they fall due, and to continue as a going concern. On this basis, the Arts Council considers it appropriate to prepare financial statements on a going concern basis. Accordingly, these financial statements do not include any adjustments to the carrying amounts and classification of assets and liabilities that may arise if the Arts Council was unable to continue as a going concern. / Níl ann d'aon neamhchinnteacht ábhartha i leith acmhainn na Comhairle Ealaíon a dliteanais a íoc de réir mar a bhíonn siad iníoctha, agus leanúint mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle Ealaíon gur cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartú ar na méideanna arna dtabhairt ar aghaidh agus aicmiú ar shócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an Chomhairle Ealaíon in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**(b) Valuation of Art Collection / (c) Luacháil an bhailiúcháin ealaíne**

As noted in accounting policy 1(g), the Council's art collection is valued at fair value. Fair value is the amount obtainable from the sale of an asset in an arm's length transaction between knowledgeable, willing parties, less the costs of disposal. While valuations are completed by external experts, given the characteristics of the asset and the diverse nature of the collection in what is invariably a limited transaction market, there is a high level of judgement involved in assigning fair values to the collection. / Faoi mar a thugtar faoi deara i mbeartas cuntasaíochta 1(g), déantar bailiúchán ealaíne na Comhairle a luacháil ar luach cóir. Faightear an luach cóir nuair a dhíoltar sócmhainn in idirbheart ar neamhthuilleamaí idir páirtithe eolacha, toilteanacha, lúide na costais diúscartha. Cé gur saineolaithe seachtracha iad na daoine a chuireann luacháil i gcrích, i bhfianaise tréithe na sócmhainne agus ilghnéitheacht an bhailiúcháin i margadh atá teoranta ó thaobh líon na n-idirbheart, tá páirt mhór breithiúnais i gceist chun luach cothrom a chinneadh don bhailiúchán.

**(c) Deferred retirement benefit funding / (c) Maoiniú sochar scoir iarchurtha**

The Arts Council recognises amounts owing from the State for the unfunded deferred liability for retirement benefits on the basis of a number of past events. These events include the statutory backing (Financial Measures [Miscellaneous Provisions] Act 2009) for the superannuation scheme, and the policy and practice in relation to funding public service retirement benefits including the annual estimates process. / Tugann an Chomhairle Ealaíon aitheantas do shuimeanna a dhlítear ón Stát d'fhiachas neamh-mhaoinithe iarchurtha na sochar scoir, bunaithe ar roinnt imeachtaí san am atá caite. I measc na n-imeachtaí sin, tá an tacaíocht reachtúil (an tAcht um Bearta Airgeadais [Forálacha Ilghnéitheacha], 2009) don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas i leith maoiniú i gcomhair sochar pinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas meastacháin bliantúil.

**(d) Impact of Covid-19 / (c) Tionchar Covid-19**

The Arts Council's office was closed in accordance with Government guidelines in March 2020. All staff moved to remote working and all business activity was managed virtually. Limited head office access was provided for ICT maintenance, facilities management and some essential meetings. There was no impact to the Arts Council's control environment as our systems were already fit for remote working, including (i) an online services portal for grant application and commitment processing, (ii) a paperless purchase order processing system and (iii) secure board management software for management of all Council and Committee meeting papers. / Dúnadh oifig na Comhairle Ealaíon de réir threoirlinite an Rialtais i mí an Mhárta 2020. Thosaigh an fhoireann go léir ag obair ó chian agus rinneadh gach gníomhaíocht ghnó a bhainistiú go fíorúil. Cuireadh rochtain theoranta oifige ar fáil le haghaidh chothabháil TFC, bhainistíocht saoráidí agus roinnt cruinnithe riachtanacha. Ní raibh aon tionchar ar thimpeallacht rialaithe na Comhairle Ealaíon toisc go raibh ár gcórais oiriúnach don chianobair cheana féin, lena n-áirítear (i) tairseach seirbhísí ar líne chun iarratais ar dheontais agus gealltanais a phróiseáil, (ii) córas próiseála gan pháipéar le haghaidh orduithe ceannaigh agus (iii) bogearraí sábháilte bainistíochta boird chun gach páipéar cruinnithe de chuid na Comhairle agus an Choiste a bhainistiú.

Cyber security features including multi-factor authentication for remote access were in place, additionally, encrypted laptops have now been provided to all staff. Security awareness training was provided and ergonomic assessments were also carried out for all staff. / Bhí gnéithe den chibearshlándáil i bhfeidhm, lena n-áirítear, fíordheimhniú ilshraithe don chianrochtain. Chomh maith leis sin, tá ríomhairí glúine criptithe ar fáil don fhoireann go léir anois. Cuireadh oiliúint feasachta slándála ar fáil agus cuireadh measúnuithe eirgeanamaíocha i gcrích don fhoireann go léir.



a) Oireachtas grant / a) Deontas ón Oireachtas

The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media provided grant funding during the year; / An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú deontais i gcaitheamh na bliana;

|                                                                                                                                                                                                                                                                       | 2020    | 2019   |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------|--------|
|                                                                                                                                                                                                                                                                       | €000's  | €000's |
| Basic grant (Vote 33 Sub Head B.9) * / Deontas bunúsach (Vóta 33 Fo-Cheannteideal B.9) *                                                                                                                                                                              | 105,002 | 75,002 |
| Basic grant (Vote 33 Sub Head B.6) * / Deontas bunúsach (Vóta 33 Fo-Cheannteideal B.6) *                                                                                                                                                                              | 1,900   | -      |
| Less Single Public Service Pension Scheme (SPSPS) staff deductions remitted to the Department of Public Expenditure & Reform / Lúide asbhaintí foirne ón Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) a seoladh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (34)    | (17)   |
|                                                                                                                                                                                                                                                                       | 106,868 | 74,985 |

\* Additional funding was provided to support the Arts and Culture sector's recovery from the Covid-19 crisis. / \* Cuireadh maoiniú breise ar fáil chun tacú le téarnamh earnáil na nEalaíon agus an Chultúir mar gheall ar an ngéarchéim Covid-19.

b) Other grants / b) Deontais eile

|                                                                                                                                                         | 2020   | 2019   |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------|--------|
|                                                                                                                                                         | €000's | €000's |
| Department of Education (Creative Schools) / An Roinn Oideachais (Scoileanna Ildánacha)                                                                 | 676    | 660    |
| Creative Ireland (Creative Schools) / Éire Ildánach (Scoileanna Ildánacha)                                                                              | 461    | 504    |
| RTE (Purchase of works of art at half price)                                                                                                            |        |        |
| RTÉ (Saothair ealaíne a cheannach ar leathphraghas)                                                                                                     | 68     | -      |
| TCD/UCD/UL (Literature Residencies) / TCD/UCD/UL (Scéimeanna Cónaitheachta Litríochta)                                                                  | 43     | 23     |
| Galway Film Centre (Ildána) / Ionad Scannán na Gaillimhe (Ildána)                                                                                       | 42     | -      |
| Bord Scannán na hÉireann (Creative Europe) / Bord Scannán na hÉireann (an Eoraip Chruthaitheach)                                                        | 40     | 40     |
| AIB Investment (Tyrone Guthrie Centre Trust) / Infheistíocht AIB (Iontaobhas Ionad Tyrone Guthrie)                                                      | 33     | 35     |
| Dublin Sound Lab (Culture Night) / Dublin Sound Lab (Oíche Chultúir)                                                                                    | 27     | -      |
| Grant refunds / Aisíoc deontais                                                                                                                         | 26     | 107    |
| Arts Council of Northern Ireland (Childrens Laureate) / Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (Laureate na nÓg)                                         | 17     | 17     |
| UCC (Film Residency) / Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Cónaitheacht Scannánaíochta)                                                                   | 10     | -      |
| National Concert Hall (Liam O'Flynn award) / An Ceoláras Náisiúnta (Dámhachtain Liam O'Flynn)                                                           | 8      | 8      |
| Galway 2020 (Arts Insight Survey) / Gaillimh 2020 (Suirbhé Léargais ar na hEalaíona)                                                                    | 5      | -      |
| UL (Places Matter Conference) / Ollscoil Luimnigh (Comhdháil 'Tá Tábhacht le hÁiteanna')                                                                | 3      | -      |
| Arts Council of Northern Ireland (Touring) / Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (Camchuart)                                                          | -      | 76     |
| UCD (Laureate for Irish Fiction) / UCD (Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach)                                                                         | -      | 18     |
| Irish Prison Service (Artists in Prisons / Writers in Prisons) / Seirbhís Phríosúin na hÉireann (Ealaíontóirí sna Príosúin / Scríbhneoirí sna Príosúin) | -      | 15     |
| British Council (Places Matter conference) / Comhairle na Breataine (Comhdháil 'Tá Tábhacht le hÁiteanna')                                              | -      | 1      |
|                                                                                                                                                         | 1,459  | 1,504  |

|                                                                                                                  |                                         |                                                 |                                             |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------|-------------------------------------------------|---------------------------------------------|
|                                                                                                                  | Creative Ireland / Éire Ildánach        | Galway Film Centre / Ionad Scannán na Gaillimhe | UCD / UCD                                   |
|                                                                                                                  | Creative Schools / Scoileanna Ildánacha | Ildána / Ildána                                 | Writers in Residence / Scríbhneoirí Cónaith |
| Amount deferred in 2019 released in 2020 (Note 9) / Méid a cuireadh siar in 2019 agus a eisíodh in 2020 (Nóta 9) | 461                                     | 43                                              | 8                                           |
| Income recognised in 2020 / Ioncam a aithníodh in 2020                                                           | 461                                     | 43                                              | 8                                           |

|                                                                                         |                                         |                                                 |                                             |                                               |                                          |
|-----------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------|-------------------------------------------------|---------------------------------------------|-----------------------------------------------|------------------------------------------|
|                                                                                         | Creative Ireland / Éire Ildánach        | Galway Film Centre / Ionad Scannán na Gaillimhe | UCD / UCD                                   | National Concert Hall / An Ceoláras Náisiúnta | British Council / Comhairle na Breataine |
|                                                                                         | Creative Schools / Scoileanna Ildánacha | Ildána / Ildána                                 | Writers in Residence / Scríbhneoirí Cónaith | Liam O'Flynn award / Dámhachtain Liam O'Flynn | Places Matter / Tá Tábhacht le hÁiteanna |
| Cash received in 2019 / Airgead tirim a fuarthas in 2019                                | 965                                     | 43                                              | 8                                           |                                               |                                          |
| Amount received in 2019 deferred (Note 9) / Méid a fuarthas in 2019 iarchurtha (Nóta 9) | (461)                                   | (43)                                            | (8)                                         |                                               |                                          |
| Grant recognised in 2019 / Deontas a aithníodh in 2019                                  |                                         |                                                 |                                             | 8                                             | 1                                        |
| Income recognised in 2019 / Ioncam a aithníodh in 2019                                  | 504                                     | -                                               | -                                           | 8                                             | 1                                        |



|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | 2020                 | 2019                          |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------|-------------------------------|
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | €000's               | €000's                        |
| Salary costs (4a) / Costais Tuarastail (4a)                                                                                                                                                                                                                                                                           | 3,638                | 3,006                         |
| Retirement benefit costs (4b) / Costas na sochar scoir (4b)                                                                                                                                                                                                                                                           | 940                  | 889                           |
| Agency hire – General / Fostú gníomhaireachta – Ginearálta                                                                                                                                                                                                                                                            | 403                  | 312                           |
| Agency hire – ICT / Fostú gníomhaireachta – TFC                                                                                                                                                                                                                                                                       | 234                  | 238                           |
| Total staff costs per statement of income & expenditure / Costais foirne iomlána amhail an ráiteas ar ioncam agus caiteachas                                                                                                                                                                                          | 5,215                | 4,445                         |
| 4a) Analysis of salary costs / 4a) Anailís ar chostais tuarastail                                                                                                                                                                                                                                                     | €000's               | €000's                        |
| Salaries & wages / Tuarastail & pá                                                                                                                                                                                                                                                                                    | 3,264                | 2,616                         |
| Overtime / Ragobair                                                                                                                                                                                                                                                                                                   | 10                   | 56                            |
| Employer's PRSI / ÁSPC an Fhostóra                                                                                                                                                                                                                                                                                    | 296                  | 278                           |
| Council / Audit Committee members fees / Táillí chomhaltaí na Comhairle / an Choiste Iniúchóireachta                                                                                                                                                                                                                  | 68                   | 56                            |
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | 3,638                | 3,006                         |
| 4b) Analysis of retirement benefit costs / 4b) Anailís ar chostais na sochar scoir                                                                                                                                                                                                                                    | €000's               | €000's                        |
| Total operating charge (Note 15) / Táille iomlán oibriúcháin (Nóta 15)                                                                                                                                                                                                                                                | 711                  | 539                           |
| Interest on retirement benefit scheme liabilities (Note 15) / Ús ar dhliteanais scéim na sochar scoir (Nóta 15)                                                                                                                                                                                                       | 229                  | 350                           |
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | 940                  | 889                           |
| 4c) Outgoing Director's annual basic salary / 4c) Buntuarastal bliantúil an Stiúrthóra atá ag dul as oifig                                                                                                                                                                                                            | €                    | €                             |
| Director's annual basic salary / Buntuarastal bliantúil an Stiúrthóra                                                                                                                                                                                                                                                 | 24,977               | 96,678                        |
| The Director's retirement benefit entitlements do not extend beyond the standard entitlements in the model public sector defined benefit superannuation scheme. / Ní shíneann teidlíochtaí sochar scoir an Stiúrthóra thar na gnáth-theidlíochtaí i samhail-scéim aoisliúntais sochair shainithe na seirbhíse poiblí. | 77,157               | -                             |
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | National / Náisiúnta | International / Idirnáisiúnta |
| Outgoing Director's Expenses / Caiteachais an Stiúrthóra atá ag dul as oifig                                                                                                                                                                                                                                          | 463                  | -                             |
| Director's Expenses / Caiteachais stiúrthóra                                                                                                                                                                                                                                                                          | 444                  | -                             |

|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | 2020   | 2019   |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------|--------|
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | €000's | €000's |
| 4d) Key Management Personnel Short-Term Benefits / 4d) Sochair Ghearrthéarmacha do Phríomhphearsanra Bainistíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | 612    | 594    |
| Key Management personnel in the Arts Council include the Director, Finance Director & Company Secretary, Arts Directors (2), Corporate Services Director, Public Affairs and Communications Director and the Strategic Development and MGAW Programme Management Director. / Áirítear le Príomhphearsanra Bainistíochta sa Chomhairle Ealaíon an Stiúrthóir, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Rúnaí Cuideachta, Stiúrthóirí Ealaíon (2), Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Stiúrthóir Gnóthaí Pobail agus Cumarsáide agus an Stiúrthóir um Forbairt Straitéiseach agus Bainistiú Chlár MGAW. |        |        |
| The average number of WTE persons employed during the year on which the salaries and wages figure of €3.264 million above (2019: €2.616 million) is based, was as follows: / Ba mar seo a leanas coibhéis lánaimseartha na ndaoine a bhí fostaithe ar an meán le linn na bliana ar a bhfuil an figiúr thuas €3.624 milliún (2019: €2.616 milliún) le haghaidh tuarastal agus pá bunaithe:                                                                                                                                                                                                       |        |        |
| Key Management Personnel / Príomhphearsanra Bainistíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | 7      | 7      |
| Other staff / Foireann eile                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | 45     | 43     |
| Total WTE / Coibhéis Lánaimseartha (WTE) iomlán                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | 52     | 50     |

|                                                                                                                                     | 2020          | 2019   |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------|--------|
|                                                                                                                                     | €000's        | €000's |
| Individual artists: / Ealaíontóirí aonair:                                                                                          |               |        |
| Aosdána – Cnuas (Note 13) /<br>Aosdána – Cnuas (Nóta 13)                                                                            | 2,566         | 2,577  |
| Aosdána – Retirement benefits /<br>Aosdána – Sochair scoir                                                                          | 12            | 14     |
| Grants / Deontais                                                                                                                   | 18,405        | 7,923  |
| Arts organisations / Eagraíochtaí ealaíon                                                                                           |               |        |
| Annual funding – recurring /<br>Maoiniú Bliantúil – athfhillteach                                                                   | 59,762        | 51,184 |
| Annual funding – non recurring /<br>Maoiniú Bliantúil – neamh-athfhillteach                                                         | 6,661         | 4,355  |
|                                                                                                                                     |               |        |
| <b>Total grants per statement of income &amp; expenditure /<br/>Iomlán na ndeontas amhail an ráiteas ar ioncam &amp; caiteachas</b> | <b>87,406</b> | 66,053 |

The above grants include the following grants to State Agencies /  
Áirítear leis na deontais thuas na deontais seo a leanas do Ghníomhaireachtaí Stáit

|                                                                   |                                                                  | 2020   | 2019   |
|-------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------|--------|--------|
|                                                                   |                                                                  | €000's | €000's |
| Annual funding – recurring /<br>Maoiniú Bliantúil – athfhillteach | Ealaín na Gaeltachta Teoranta /<br>Ealaín na Gaeltachta Teoranta | 459    | 342    |
| Annual funding – recurring /<br>Maoiniú Bliantúil – athfhillteach | The Abbey Theatre /<br>Amharclann na Mainistreach                | 7,000  | 7,000  |

|                                                                                        | 2020         | 2019   |
|----------------------------------------------------------------------------------------|--------------|--------|
|                                                                                        | €000's       | €000's |
| <b>Expenditure on the arts / Caiteachas ar na healaíona</b>                            |              |        |
| Communications, research, public affairs / Cumarsáid, taighde, gnóthaí poiblí          | 294          | 288*   |
| Arts advisors' fees and expenses / Táillí agus costais na gcomhairleoirí ealaíon       | 913          | 831    |
| Direct promotions and special initiatives / Cothú díreach agus tionscnaimh speisialta  | 1,255        | 952    |
| Creative Schools** / Scoileanna Ildánacha**                                            | 1,592        | 955    |
| RAISE – private investment initiatives / RAISE – tionscnaimh infheistíochta príobháidí | 307          | 286    |
|                                                                                        | <b>4,361</b> | 3,312  |

\*Some prior year expenditure has been re-analysed on the same basis as the current year / \*Rinneadh ath-anailís ar roinnt caiteachais i mbliain roimhe seo ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha

\*\* Grants to schools €1,124,000 (2019: €596,000) are included in Note 5 above /

\*\* Áirítear deontais do scoileanna €1,124,000 (2019: €596,000) i Nóta 5 thuas

**Other administration costs / Costais riaracháin eile**

|                                                                                                                                                                                                                          |              |       |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------|-------|
